Dá bhrí sin, tá fiúntas mar mhodh comparáide ag baint le méadrachtaí feidhmíochta um athrú aeráide a thagarmharcáil ar fud na n-údarás áitiúil, go háirithe ós rud é gur dócha go mbeidh ar gach údarás áitiúil spriocanna comhchosúla feidhmíochta um athrú aeráide a bhaint amach sna blianta amach romhainn (Evans, 2020). Má dhéantar tagarmharcáil le húdarás áitiúla comhchosúla is féidir éachtaí agus dúshláin a shainaithint chomh maith leis na modhanna a úsáidtear i gcúrsaí bainistíochta agus chun seirbhísí a sheachadadh (Sezginalp, 2016). Níos tábhachtaí fós, is bealach é chun dea-chleachtais san earnáil a shainaithint sa tsúil iad a chur i bhfeidhm go daingean ag leibhéal gach aon údarás áitiúil chomh maith le hiad a scaipeadh ag leibhéal na hearnála.

Rud eile atá tábhachtach a chur san áireamh ná conas a thagtar ar chinneadh faoi cad é an sprioc. Mar shampla, maidir le conas a bhainfidh bardais spriocanna amach, braitheann sé ar an tréimhse ama a leagtar síos d'aon sprioc, i.e. cibé acu a bheidh sé ina sprioc fhadtéarmach nó ina sprioc ghearrthéarmach nó cé acu a bheidh laghdúithe in aghaidh na bliana de dhíth nó laghdú aon uaire i spriocbhliain ar leith (Damsø, Kjær agus Christensen, 2017).

Agus é ina líonra de mhórchathracha domhanda, tá C40 tar éis roinnt treoirlínte faoi dhea-chleachtais le haghaidh gníomhaíochtaí aeráide a fhoilsiú. É sin ráite, caithfear a admháil go mbeadh gá le hacmhainní, tacaíocht pholaitiúil agus buiséid i bhfad níos mó chun na treoracha seo a chur i bhfeidhm ná mar atá d'acmhainn ag údarás áitiúla ar scála níos lú faoi láthair (Boehnke et al., 2019). Mar an gcéanna, tá Conradh na Méaraí (CoM) tar éis roinnt "Tagarmharc[anna] Sármhaitheasa" a fhorbairt. Ina ainneoin sin, áfach, ní hionann é seo agus dea-chleachtais a chódú, mar ní thugann siad aon treoir maidir le conas iad a chur i bhfeidhm ná faoi na buiséid a bheadh ag teastáil. Thairis sin, is doiligh fáil amach ar cuireadh gníomhaíochtaí aeráide i bhfeidhm i ndáiríre ós rud é nach mbíonn iontu de ghnáth ach ráiteas lom go ndearnadh gníomh gan aon mhíniú curtha leis (Boehnke et al., 2019).

Tá bonnlínte riachtanach freisin mar thúsphointe chun feidhmíocht a thomhas agus mar slat tomhais lenar féidir feidhmíocht a mheas amach anseo. Úsáidtear feidhmíocht roimhe seo de ghnáth mar bhonnlíne tosaigh. Nuair nach bhfuil sonraí stairiúla ann, is féidir meastacháin fheidhmíochta a oibriú amach. Mar sin féin, ní ceart bonnlínte a shocrú gan chúis. Go bunúsach, tá sé le tuiscint ó fhianaise gur cheart tréimhse bhonnlíne a shocrú ar bhealach atá ag teacht leis ab toradh atá beartaithe le gur féidir léargas a thabhairt ar cé acu ar éirigh nó nár éirigh leis an bhfeidhmíocht (Sezginalp, 2016). Chomh fada agus a bhaineann sé le méadrachtaí feidhmíochta um ghníomhú ar son na haeráide, tá tábhacht nach beag ag baint leis seo i bhfianaise cé chomh athraitheach is atá athrú aeráide agus beartas aeráide (Cathair Vancouver, 2020).

3.2.5 Simplíocht

Is léir ó fhianaise go bhfuil gá le simplíocht chomh fada agus a bhaineann sé le bearta feidhmíochta. Má fhorbraítear an t-uafás méadrachtaí atá dian ar acmhainní daonna agus airgeadais, is é is dóichí ná go mbeidh bainistiú neamhéifeachtach ar fheidhmíocht dá bharr (Sezginalp, 2016).

Chomh maith céanna, ba cheart do bhearta a bheith soiléir agus gonta agus slí iontu chun tomhas uilíoch a chur i bhfeidhm ar fud eagraíochtaí. Má mhínítear tomhais agus sonraí go soiléir is mó seans go dtuigfidh an fhoireann, na bainisteoirí, na hoifigigh thofa agus na saoránaigh an t-eolas agus go mbainfidh siad úsáid iomchuí as. Tá sé le tuiscint ón bhfianaise freisin gur cheart faisnéis a bailíodh ó thomhas feidhmíochta a fhorbairt chun freastal ar ghrúpaí éagsúla (Sezginalp, 2016), agus é a bheith saor ó bhéarla-gair theicniúil chomh fada agus is féidir.

3.3 PTFanna um Gníomhú ar son na haeráide thar dhlínsí

3.3.1 Réamhrá

Ní thugtar faoi PTFanna um Gníomhú ar son na haeráide a fhorbairt ar fud dlínse idirnáisiúnta ar bhealach comhionann. Is mór idir struchtúir rialachais is tosaíochtaí polaitiúla, comhshaoil, eacnamaíochta agus sóisialta go minic, ní

hamháin ar bhonn náisiúnta ach ar bhonn fo-náisiúnta chomh maith m.sh., ag leibhéal na réigiún/na n-údarás áitiúil. Le bheith cruinn faoi, nuair a fhorbraítear PTFanna chun dul chun cinn a thomhas thar réimse tosaíochtaí, is minic a bhíonn siad doscartha ón dlínse inar forbraíodh iad.

Chomh maith céanna, cé go gcuireann reachtaíocht an AE ceanglas ar Bhallstáit laghduithe a bhaint amach maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, is minic a fhágtar faoi na Ballstáit féin conas a bhainfidh siad na spriocanna sin amach ar bhealach a oireann dá struchtúir uathúla rialachais féin agus dá dtosaíochtaí polaitiúla, comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta a bhíonn ag teacht salach ar a chéile go minic. Bainfidh an mhír seo leas as taighde idirnáisiúnta chun aird a tharraingt ar conas mar atá struchtúir rialachais agus forbairt PTFanna um ghníomhú ar son na haeráide fite fuaite lena chéile agus, ina dhiaidh sin, tabharfar cuntas ar cad iad na príomhbhealaí ina ndéanann bardais ar fud na cruinne gníomhartha aeráide a chatagóiriú agus iad i mbun PTFanna um ghníomhú ar son na haeráide a fhorbairt.

3.3.2 Comparáid idir struchtúir rialachais ar fud dlínsí

Is mór idir struchtúir rialachais na n-údarás áitiúil go hidirnáisiúnta. I gcomparáid le caighdeáin idirnáisiúnta, tá claonadh chun láraithe follasach i rialachas in Éirinn (Kitchin et al., 2012; Callanan agus Tatham, 2014). Mar shampla, le cois na bhfeidhmeanna a bhfuil údarás áitiúla in Éirinn freagrach astu (rialacháin tógála agus pleanála; rátaí gnó; tithíocht shóisialta; páirceáil; bailiú dramhaíola; sláinte comhshaoil; forbairt eacnamaíoch; ionaid spóirt, páirceanna agus páirceanna imeartha), tá an earnáil rialtais áitiúil sa RA freagrach as oideachas agus as seirbhísí sláinte poiblí agus sóisialta áirithe a riaradh freisin (Evans, 2020).

Mar an gcéanna, i gcás na mbardas sa Danmhairg, tá cumhachtaí leathnaithe acu a bhaineann le cúram leanaí réamhscoile, cúram do dhaoine breacaosta agus cúram riachtanas speisialta, cúram sláinte áirithe, dífhostaíocht agus breoiteacht, sochair scoir agus fóntais mar dhualgais bhreise le hais na bpríomhsheirbhísí a

sholáthraíonn a gcomhghleacaithe in Éirinn (an Aireacht na nGnóthaí Eacnamaíocha agus Baile 2014).

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar thaighde sa réimse seo, is léir go mbíonn smacht agus freagracht níos mó ag bardais i ndlínse eile de ghnáth ó thaobh spriocanna maolaithe agus oiriúnaithe aeráide a fhorbairt de ná mar atá ag a macasamhail san earnáil rialtais áitiúil in Éirinn. Tá seans ann mar sin nach mbeidh fianaise a bhaineann le cleachtais idirnáisiúnta i dtaobh PTFanna um ghníomhú ar son na haeráide a fhorbairt ag teacht le struchtúir rialachais na n-údarás áitiúil in Éirinn. Agus é seo á chur san áireamh, beidh torthaí na tuarascála seo bunaithe go hiomlán ar struchtúir rialachais na n-údarás áitiúil in Éirinn agus ar na feidhmeanna agus ar na freagrachtaí sin a bhaineann go sonrach leis an earnáil abhus.

3.3.3 PTFanna um ghníomhú ar son na haeráide a fhorbairt

Tríd is tríd, bíonn an litríocht acadúil agus an dea-chleachtais i leith PTFanna aeráide i measc bhardas go hidirnáisiúnta ag teacht le méadrachtaí maolaithe nó oiriúnaithe. Ós ag caint ar ghníomhartha maolaithe atáimid, téama tábhachtach a thagann chun cinn arís agus arís eile sa phlé ar cé hiad na bardais atá ar thús cadhnaíochta maidir le gníomhú ar son na haeráide go domhanda ná conas mar a chuireann siad a gcuid pleananna gníomhaithe ar son na haeráide in iúl thart ar PTF teorach amháin, is é sin, astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi chéatadán áirithe faoi dháta áirithe, m.sh. 0% astaíochtaí carbóin tráth nach déanaí ná 2050 (Cathair Chóbanhávan, 2012; Cathair Amstardam, 2020; Cathair Vancouver, 2020; Cathair Sydney, 2021). Is ar an mbonn seo gan ach aon sprioc aeráide amháin a bheith ann a théann na bardais seo i mbun pleananna gníomhaithe ar son na haeráide a fhorbairt, pleananna a bhfuil táscairí acu atá intomhaiste agus ar féidir iad a chur i bhfeidhm ar fud gach réimse oibríochtúil d'fhonn feidhmíocht bhliantúil a mheas i gcoinne na sprice seo. Is éard atá le déanamh tar éis tabhairt faoin bpróiseas seo ná fardal bonnlíne iomlán a dhéanamh d'astuithe gás ceaptha teasa i gcás gach limistéar oibríochta bardasach. Is féidir bearta a chur i bhfeidhm ansin gníomhú ar son na haeráide a dhéanamh ina ghnáthchuid

den chinnteoireacht agus is féidir feidhmíocht bhliantúil maidir leis an t-aon PTF amháin a bhaint amach a rianú.

Cé go bhfuil fiúntas ag baint leis an gcur chuige seo ó thaobh gníomhartha a rangú chun críche méadrachtaí maolaithe, má chuirtear nádúr an oiriúnaithe san áireamh, tá sé deacair aon mhéadracht amháin a shainaithint ar féidir é a úsáid mar shlat tomhais chun rath a mheas. Mar sin féin, tá obair nach beag déanta maidir le méadrachtaí oiriúnaithe a shainaithint le blianta beaga anuas, go háirithe i gcomhair na hearnála rialtais áitiúla (Flood, Dwyer agus Gault, 2021).

Is minic go mbíonn tairbhí maolaithe agus oiriúnaithe ag baint le méadracht m.sh. ionsúitear níos mó CO₂ ón atmaisféar má chuirtear le líon na gcrann sa chluídach ceannbhrait (maolú) agus bua eile ag baint le seo ná go soláthraíonn sé scáth le linn tonnta teasa nó ionsúnn sé an iomarca báistí le linn tuilte (oiriúnú). Ar an ábhar seo, ní furasta i gcónaí idirdhealú soiléir a dhéanamh idir méadrachtaí maolaithe nó oiriúnaithe.

3.4 Cineálacha PTF

I gcomhthéacs taighde faoi athrú aeráide, is coincheap measartha nua é méadrachtaí feidhmíochta a úsáid chun gníomhartha aeráide a thomhas. Cé gur dhírigh go leor staidéar ar tháscairí inbhuanaitheachta níos leithne a fhorbairt a bhaineann le feidhmíocht shóisialta, chomhshaoil agus eacnamaíoch (Li, Gu agus Liu, 2018; Chao et al., 2020), is beag duine a rinne iniúchadh follasach ar tháscairí feidhmíochta a bhaineann leis an athrú aeráide amháin. Is beag staidéar fós a dhéanann iniúchadh ar mhéadrachtaí nó comparáid eatarthu i dtaca le gníomhartha aeráide i measc chomhlachtaí na hearnála poiblí nó ar scálaí níos lú ar bhonn rialtais áitiúil. I gcomhthéacs PTFanna, tá sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir táscairí tionchair, feidhmithe agus táscairí toraidh. Is féidir faisnéis a fháil ó tháscairí tionchair faoi na hiarmhairtí atá tugtha faoi deara maidir le hinathraitheacht agus athrú aeráide ar chórais shoch-éiceolaíochta, m.sh., líon na n-ionad réadmhaoine a ndearna tuilte damáiste dóibh. Is féidir faisnéis a fháil ó tháscairí feidhmithe atá cabhrach ó thaobh cúrsaí a thomhas maidir le cé chomh maith is a chuirtear gníomhartha nó straitéisí i bhfeidhm. Ar deireadh, is féidir faisnéis a fháil ó tháscairí toraidh atá úsáideach chun

na torthaí atá ar ghníomhartha nó ar straitéisí a thomhas (Flood, Dwyer agus Gault, 2021). Tógtha le chéile, is bealach iad chun PTFanna a fhorbairt i gcaoi a gcuimsíonn gach céim de mhonatóireacht agus de mheastóireacht a dhéanamh ar ghníomhú ar son na haeráide (Flood, Dwyer agus Gault, 2021).

3.5 Achoimre

Is den riachtanas é go bhforbrófar méadrachtaí urrúnta do gach córas bainistíochta feidhmíochta. Go háirithe, ó thaobh bainistíochta feidhmíochta a dhéanamh ar ghníomhú ar son na haeráide, tá sé ríthábhacht méadrachtaí aeráide atá soiléir a chur i bhfeidhm chomh maith le táscairí feidhmíochta aeráide a dhéanamh mar ghnáthchuid den ghnáthamh ar fud gach réimse d'eagraíocht, agus deimhin a dhéanamh de go n-úsáidtear méadrachtaí chun rannpháirtíocht leathan a spreagadh i measc páirtithe leasmhara, tagarmharcanna iomchuí agus tréimhsí bonnlíne a fhorbairt agus, i gcás aon mhéadracht a fhorbraítear, féachaint chuige go mbeidh sí simplí, iontaofa agus éasca í a úsáid chun sonraí a ghabháil.

Maidir le bardais i ndlínsí eile, is gnách go mbíonn níos mó smacht acu ar phleanáil aeráide agus ar spriocanna aeráide a fhorbairt ná mar atá ar fáil d'earnáil rialtais áitiúil in Éirinn. Beag beann ar struchtúir rialachais, áfach, is dual do PTFanna ar fud dlínsí a bheith ag teacht le méadrachtaí maolaithe nó le méadrachtaí oiriúnaithe. I bhfianaise cé chomh práinneach is atá sé athrú aeráide a mhaolú agus i gcomhthéacs na bPTFanna um ghníomhú ar son na haeráide atá forbartha ag na bardais sin atá cáil dhomhanda bainte amach acu mar cheannródaithe maidir le gníomhú ar son na haeráide, téama tábhachtach a luaitear arís agus arís eile ná conas mar a chuireann siad a gcuid pleannanna um ghníomhú ar son na haeráide in iúl thart ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú laistigh d'achar ama áirithe. Cuireann athrú aeráide isteach ar gach uile oibríocht a bhíonn ar siúl ag údaráis áitiúil. D'fhonn gealltanais a chomhlíonadh i leith feidhmíochta aeráide a thomhas agus a fheabhsú, caithfeadh méadrachtaí maolaithe agus oiriúnaithe a dhéanamh mar ghnáthchuid den ghnáthamh maidir le cinntí a dhéanamh ar fud na réimsí feidhme eagraíochta.

4 Modhanna chun PTFanna cuí a shainaithint

4.1 Réamhrá

Tugann an chaibidil seo aghaidh ar na trí chuspóir eile atá fágtha sa thuarascáil seo. Go sonrach, is é an cur chuige a ghlactar i Mír 4.2 i leith sraith PTFanna a shainaithint ar féidir le húdaráis áitiúla aonair a rogha cur chuige a roghnú astu, agus ar féidir iad a chur le chéile ar bhonn earnála ar mhaithe le gníomhartha sonracha áitiúla aeráide a rianú. Féachtar chuige ina dhiaidh sin go mbeidh PTFanna ag teacht le seirbhísí agus le feidhmeanna faoi leith a mbíonn de chúram ar údaráis áitiúla i Mír 4.3, agus an próiseas seo treoraithe ag an rangú a ndearnadh ar sheirbhísí agus ar fheidhmeanna i dTreoirlínte Phlean Gníomhaíochta Aeráide na nÚdarás Áitiúil (Dréacht). Déantar na PTFanna a chatagóiriú ina dhiaidh sin faoi na sé réimse théamacha a sainaithníodh sa straitéis um ghníomhú ar son na haeráide de chuid na hearnála rialtais áitiúil, Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a Chur i gCrích faoi 2030. Nuair a dhéantar PTFanna a mhapáil ar limistéir feidhme údaráis áitiúil agus ar spriocanna straitéiseacha earnála um ghníomhú ar son na haeráide, tugann sé seo treoir do chúrsaí oibriúcháin agus straitéise ar bhealach a bhfuil seans maith ann go dtacódh sé le gealltanais na hearnála um ghníomhú ar son na haeráide.

4.2 Liosta nuashonraithe a fhorbairt de PTFanna na n-údarás áitiúil um ghníomhú ar son na haeráide: Straitéis cuardaigh

Mar chéad chéim chun PTFanna um ghníomhú ar son na haeráide a d'fhéadfadh a bheith ábhartha a shainaithint, tugadh faoi athbhreithniú críochnúil a dheanamh ar cheithre bhunachar sonraí ó rinne Clarke (2021) an chéad chleachtadh scóipeála PTF. Is é an cuspóir a bhí

leis seo ná sraith nuashonraithe de PTFanna a fhorbairt gur féidir le húdaráis áitiúla aonair a rogha rud a roghnú astu, agus gur féidir iad a chur le chéile ar bhonn earnála, chun torthaí ar leith a rianú i dtaca le gníomhú ar son na haeráide go háitiúil i bhfianaise an dhul chun cinn atá déanta i dtaighde, i mbeartas agus i reachtaíocht ón mbliain 2021 i leith. I measc na mbunachar sonraí seo tá Google Scholar, Web of Science, Academic Search Complete agus Scopus.

Baintear leas forleathan as na bunachair shonraí seo i dtaighde acadúil. I gcomhair an chéad chuardaigh, sainaithníodh roinnt focal cuardaigh a mheastar iad a bheith ábhartha. Úsáideadh i mbun cuardaigh eochairfhocail amhail topaic, teideal agus focail teibí ina raibh "athrú aeráide" AGUS "táscaire feidhmíochta" NÓ "méadracht feidhmíochta" NÓ "príomhtháscaire feidhmíochta" NÓ "bainistíocht feidhmíochta" AGUS "rialtas áitiúil" NÓ "cathair" NÓ "cathracha" NÓ "bardasach" NÓ "uirbeach" nó "authorit*" (is é sin, mar fhrásaí focail beachta) i ngach bunachar sonraí. Ag teacht leis an nós coitianta, rinneadh an cuardach a chaighdeánú i ngach bunachar sonraí agus fuarthas réidh le claonadh taighdeoirí trí fhrásaí focail beachta a úsáid (Linder et al., 2015). Trí bhunachair shonraí a chuardach, thángthas ar na foilseacháin seo a leanas a bhaineann leis na cuardaigh eochairfhocail:

- Google Scholar (N=200²)
- Scopus (N=90)
- Academic Search Complete (N=19)
- Web of Knowledge (N=14)

¹ Is feidhm chuardaigh saoróige é an focal cuardaigh 'authorit*' a dhéanann cuardach trí úsáid a bhaint as gach focal a thosaíonn ar bhealach áirithe ach a d'fhéadfadh críochnú ar bhealaí éagsúla m.sh. údaráis, údarás i.e., déanann an fheidhm saoróige * cuardach ar gach focal a thosaíonn le 'authorit' ach a d'fhéadfadh críochnú le haon rud.


² Scrúdaíodh an chéad 200 alt in Google Scholar bunaithe ar na sainchritéir focal a cuireadh i bhfeidhm ar na trí bhunachar sonraí taighde eile.

Chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar bhunachair shonraí acadúla, rinneadh mionscrúdú ar fhoinsí tánaisteacha eile, lena n-áirítear a lán láithreáin ghréasáin de chuid rialtas áitiúil go hidirnáisiúnta agus láithreáin ghréasáin/tuarascálacha ábhartha eile a sholáthraíonn fianaise agus samplaí de tháscairí feidhmíochta nó méadrachtaí um ghníomhú ar son na haeráide a bhaineann le rialtas áitiúil (Fíor 1, i.e. Céim 1). Rinneadh gach alt a scrúdú ar dtús de réir teidil agus achoimre d'fhonn ábharthacht a mheas (Fíor 1, Céim 2). Tugadh faoi bhunachair shonraí a chuardach i mí an Mheithimh 2022 agus níor bhain siad le haon tréimhse ama faoi leith, is é sin, cuireadh foilseacháin ó gach ré san áireamh. Rinneadh cros-seiceáil ar fhoilseacháin a bhí ann faoi dhó ar fud na mbunachair sonraí go léir agus cuireadh as an áireamh iad. Rinneadh athbhreithniú mionsonraithe ar gach foilseachán ansin a thug breith arbh fhiú a thuilleadh machnaimh a dhéanamh air nó nach raibh (Fíor 1, Céim 3). D'aimsigh léirmheas nuashonraithe ar an litríocht ó staidéar Clarke (2021) 121 PFT um ghníomhú ar son na haeráide: maolú (38), oiriúnú (50) agus méadrachtaí maolaithe/oiriúnaithe a úsáid le chéile (33). Tá forléargas ar gach ceann den 121 PTF le fáil i Tábla 1.

4.2.1 Ceardlann earnála

Reachtáladh ceardlann scóipeála i gcomhair fostaithe údaráis áitiúil i mí Iúil 2022. Ghlac ionadaithe ó gach ceann de na ceithre CARO agus fostaithe i réimse na haeráide/an chomhshaoil páirt sa cheardlann seo ról ghaolmhara ó ar fud gach ceann de na 31 údaráis áitiúil go náisiúnta. Rinne na rannpháirtithe ceardlainne athbhreithniú ar gach PTF ina dhiaidh sin a dhírigh ar cé chomh éifeachtach agus a mheas siad go bhféadfadh sé a bheith ó thaobh sonraí a ghabháil maidir le feidhmíocht gníomhaithe ar son na haeráide de chuid na n-údarás áitiúil. Toradh tábhachtach amháin a d'éascair ón bpróiseas seo ná cé gur measadh i measc rannpháirtithe go raibh roinnt táscairí níos ábhartha ná a chéile, d'aithin siad go raibh gá lena thuilleadh oibre a dhéanamh ar bhonn earnála d'fhonn táscairí a bheachtú agus d'fhonn teacht ar PTFanna a ghlactar go coitianta leis gurb iad na táscairí is ábhartha don earnáil. Is ionann na 121 PTF seo dá bhrí sin agus iarracht chun sraith leathan de tháscairí a fhorbairt ar

féidir le húdaráis áitiúla aonair leas a bhaint astu, agus ar féidir iad a chur le chéile ar bhonn earnála, d'fhonn rianú a dhéanamh ar thorthaí gníomhaithe ar son na haeráide ar leith (cuspóir 2).



Fíor 1: Léirbhreithniú ar an litríocht modhanna taighde sreabhchairt

4.3 Féachaint chuige go mbeidh PTFanna ag teacht le gealltanais um ghníomhú ar son na haeráide de chuid na n-údarás áitiúil

Is saincheist leathan é an t-athrú aeráide a théann i bhfeidhm ar raon iomlán feidhmeanna agus gníomhaíochtaí na n-údarás áitiúil. An t-Údarás Áitiúil Sainaithníodh Treoirlínte Phlean Gníomhaíochta Aeráide na n-Údarás Áitiúil (Dréacht). 19 réimse ina soláthraíonn údaráis áitiúla seirbhísí lena n-áirítear, corparáideach, forbairt pobail, forbairt eacnamaíoch, teicneolaíocht faisnéise, timpeallacht agus feasacht comhshaoil, seirbhísí uisce, pleanáil, tithíocht, airgeadas, oifigí ceantair, bóithre/iompar, páirceanna/áineas, oidhreacht, éifeachtúlacht fuinnimh, bithéagsúlacht, áiseanna, leabharlanna, na healaíona agus cultúr agus seirbhísí dóiteáin (Oifigí Réigiúnacha um

Ghníomhú ar Son na hAeráide, 2022). Baineadh úsáid as na catagóirí seo chun tacú leis an gcéad chuardach PTF a rinneadh sna bunachair shonraí. Rinneadh gach PTF a chatagóiriú ina dhiaidh sin bunaithe ar na feidhmeanna seo. Ós rud é go mbíonn cuid mhaith de na feidhmeanna céanna ag na húdaráis áitiúla, d'fhéadfadh roinnt PTFanna a bheith ag teacht le go leor de limistéir fheidhme na údaráis áitiúla éagsúla (Tábla 1). Ó thaobh na hoibríochta de, is bonnlíne úsáideach é seo don earnáil maidir le Príomhtháscairí Feidhmíochta um ghníomhú ar son na haeráide a shainaithint a dhéanann ionadaíocht ar gach seirbhís údaráis áitiúil (cuspóir 3).

Ina theannta sin, laistigh den straitéis i leith gníomhaithe ar son na haeráide atá ag an earnáil féin, tá údaráis áitiúla tiomanta do shé sprioc straitéiseacha chomhroinnte a bhaint amach (Cumann Bainistíochta Contae is Cathrach, 2021). I measc seo tá:

1. Rialú, ceannaireacht agus comhpháirtíochtaí a chothú i leith gníomhaithe ar son na haeráide.
2. Ár spriocanna maidir le hastaíochtaí carbóin agus éifeachtúlacht fuinnimh do 2030 agus 2050 a bhaint amach.
3. Oiriúnú do athrú aeráide a chur i gcrích chomh maith le teacht aniar ina leith a chothú.
4. Pobail áitiúla a spreagadh chun dul i mbun gníomhaithe ar son na haeráide.
5. Gníomhú ar son na haeráide i measc fiontar a spreagadh chomh maith le tacú leis an iompú go geilleagar ionchuimsitheach, neodrach agus ciorclach.
6. 'Aistriú cóir' a bhaint amach go háirithe i dtaobh pobal a d'fhéadfadh a bheith faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch de bharr tionscadail a dhícharbónú.

Rinneadh gach PTF a mhapáil ar na spriocanna straitéiseacha seo ina dhiaidh sin (Tábla 1). Chomhlíon 15 PTF dhá sprioc straitéiseacha, 6 4 PTF atá ag teacht le trí sprioc straitéiseacha, chomhlíon 27 PTF ceithre sprioc straitéiseacha, bhain 6 PTF le cúig sprioc straitéiseacha agus bhí 9 PTF ag teacht le gach ceann de na sé sprioc straitéiseacha i Gníomhú Éifeachtach ar Son na hAeráide a Chur i gCrích 2030 (cuspóir 4). Is é an toradh atá ar na PTFanna seo a mhapáil i gcoinne spriocanna straitéiseacha earnála ná

treoir a thabhairt don earnáil maidir le táscairí a shainaithint a thacaíonn lena gealltanais straitéiseacha um ghníomhú ar son na haeráide.

4.4 Achoimre

Trí leas a bhaint as an athbhreithniú mionsonraithe a ndearnadh ar an litríocht, shainaithin an chaibidil seo 121 PTF um ghníomhú ar son na haeráide a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don earnáil rialtais áitiúil. Cuireann sé seo liosta PTF ar fáil a d'fhéadfadh a bheith úsáideach agus ar féidir le húdaráis áitiúla aonair a rogha PTFanna a roghnú as, chomh maith le hiad a chur le chéile ar bhonn earnála, d'fhonn feidhmíocht um ghníomhú ar son na haeráide a thomhas sna blianta amach romhainn. Tá a thuilleadh oibre de dhíth, áfach, chun sraith náisiúnta de tháscairí a shainaithint d'fhonn feidhmíocht na hearnála maidir le gníomhú ar son na haeráide a léiriú. Thairis sin, is é is dóichí ná go bhforbróidh táscairí earnála sna blianta amach romhainn de réir mar a théann beartas aeráide agus reachtaíocht chun cinn. Agus sraith de tháscairí earnála á bhforbairt, tá sé ríthábhachtach, dá réir, go bhfuil gné straitéiseach ag baint leo, a oiread agus is féidir, ar bhealach atá bunaithe ar straitéis na hearnála féin i leith gníomhaithe ar son na haeráide agus ar ghealltanais um ghníomhú ar son na haeráide de chuid an Stáit do 2030 agus 2050. An bua atá ag an cur chuige straitéiseach ná go laghdóidh sé an baol go n-éireoidh méadrachtaí feidhmíochta iomarcach laistigh de thréimhse ghearr.

5 Achoimre ar an athbhreithniú taighde

De bharr gníomhaithe ar son na haeráide a bheith go mór i mbéal an phobail le blianta beaga anuas go hidirnáisiúnta, go náisiúnta agus go háitiúil, tá freagrachtaí níos mó maidir le hathrú aeráide curtha ar gach comhlacht san earnáil phoiblí in Éirinn, lena n-áirítear an earnáil rialtais áitiúil. Tá iallach ar gach comhlacht san earnáil phoiblí, an rialtas áitiúil san áireamh, a bheith in ann a gcuid feidhmíochta mhaolaithe agus oiriúnaithe a léiriú ar bhealach intomhaiste. Áirítear leis sin monatóireacht, measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí aeráide ar bhonn náisiúnta. Tacaíonn an tuarascáil seo le hearnáil an rialtais áitiúil dá réir chun PTFanna a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith úsáideach ó thaobh a gcuid feidhmíochta féin i leith gníomhaithe ar son na haeráide a thomhas. Trí leas a bhaint as litríocht acadúil agus bardais ar fud na cruinne a lua mar eiseamláirí, shainaithin an tuarascáil seo 121 PTF bainteach le maolú agus oiriúnú a bhfuil mianach éigin iontu go bhféadfaí iad a aistriú nó a oiriúnú d'earnáil an rialtais áitiúil in Éirinn.

I gCaibidil 2 tugtar cuntas ar an ról lárnach atá glactha ag údarais áitiúla le blianta beaga anuas, ról a eascraíonn as reachtaíocht aeráide agus forbairtí beartais, lena n-áirítear réasúnaíocht le haghaidh PTFanna um ghníomhú ar son na haeráide a fhorbairt don earnáil. I gCaibidil 3 sainaithníodh dea-chleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le forbairt PTFanna um ghníomhú ar son na haeráide. I gCaibidil 4 cuireadh 121 PTF i láthair a tógadh ón litríocht acadúil agus ó réimse de dhea-chleachtais bardasacha go hidirnáisiúnta. Seans go mbeidh siad seo cabhrach don rialtas áitiúil in Éirinn ó thaobh a ngealltanais maidir le hathrú aeráide a thomhas. Rinneadh na táscairí seo a ailíniú le réimsí feidhme na n-údarás áitiúil agus le straitéis na hearnála féin i leith gníomhaithe ar son na haeráide. A bhuí le scóp na bPríomhtháscairí Feidhmíochta a bheith leathan, sainaithníodh an gá atá le gníomhaíochtaí aeráide a dhéanamh mar ghnáthchuid de sheirbhís údarais áitiúil a chur ar fáil.

Tá deis anois ag páirtithe leasmhara san earnáil sraith de tháscairí a shainaithint a d'fhéadfaí a úsáid chun feidhmíocht an rialtais áitiúil a léiriú maidir le gníomhú ar son na haeráide.

Tá tábhacht nach beag ag baint le bheith in ann teacht ar shonraí agus PTFanna á bhforbairt. Seans nach bhfuil sonraí do na táscairí a shainaithnítear sa staidéar á ngabháil go foirmiúil faoi láthair, agus i gcomhair go leor táscairí, seans go mbeidh gá le córais agus beartais a chur ar bun le gur féidir iad a ghabháil go cruinn san fhadtearma. Faoi mar a dhéantar i gcás aon táscaire feidhmíochta, tá sé ríthábhachtach creat tuairiscithe a fhorbairt chun na táscairí sin a ghabháil. Gan creat dá leithéid, beidh sé dúshlánach monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh.

Ar ámharáí an tsaol, tá na struchtúir rialachais chúil curtha i bhfeidhm ag an earnáil chun maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar na torthaí seo chomh maith le dul i ngleic leo. Soláthraíonn Coiste Gníomhaithe ar Son na hAeráide, Iompair agus Líonraí de chuid CBCC agus an Grúpa Oibre PTF um Ghníomhú ar son na hAeráide an struchtúr lenár féidir monatóireacht a dhéanamh ar PTFanna fad is a dhéanann siad plé leanúnach a éascú le baill foirne atá ar an láthair go háitiúil. Cinntíonn rannpháirtíocht na nOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide agus an GBRÁ [Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil] go dtugtar léargas ar na dearcthaí náisiúnta agus réigiúnacha freisin. Cinntíonn an plé leanúnach atá ag GBRÁ agus CCMA leis an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC) i leith Príomhtháscairí Feidhmíochta um Ghníomhú ar son na hAeráide go nglactar na táscairí isteach sa chóras náisiúnta monatóireachta feidhmíochta don earnáil. Cuireann sé seo níos mó i mbéal an phobail iad agus cinntíonn sé go ndéantar monatóireacht ar na PTFanna lasmuigh den earnáil, rud a chuireann le cuntasacht agus le trédhearcacht.

Ar deireadh, cé go bhféadfadh na táscairí sa staidéar seo a bheith ábhartha i gcomhthéacs na hearnála rialtais áitiúil in Éirinn, féadfaidh an taighde seo bonnlíne úsáideach agus foilseachán praiticiúil a thabhairt freisin chun tacú le húdaráis áitiúla go hidirnáisiúnta a gcuid PTFanna um ghníomhú ar son na haeráide féin a fhorbairt. Seans go bhfuil cuid de PTFanna a forbraíodh ábhartha do chomhlachtaí eile san earnáil phoiblí in Éirinn agus gur féidir iad a chur in oiriúint dóibh d'fhonn monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht féin maidir le gníomhú ar son na haeráide.

5.1 Na chéad chéimeanna eile

Maidir le gealltanais aeráide an Stáit, táthar ag súil go mbeidh na comhlachtaí earnála ina n-eiseamláirí. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag údaráis áitiúla le blianta beaga anuas maidir le ceannaireacht a léiriú i dtaobh gníomhaithe ar son na haeráide. Chun gealltanais aeráide a chomhlíonadh laistigh de phleananna um ghníomhú ar son na haeráide de chuid na n-údarás áitiúil, beidh gá le próiseas struchtúrtha chun gníomhartha aeráide a chur i bhfeidhm agus monatóireacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn a dhéanamh ar bhonn leanúnach. Tá sé ríthábhacht PTFanna ó thaobh gníomhaíochtaí aeráide a chur i bhfeidhm, monatóireacht a dhéanamh orthu agus chun tuairisciú a dhéanamh orthu (Rialtas na hÉireann, 2021b; Oifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2022).

Tá sé le tuiscint ó fhianaise áirithe gur cheart go mbeadh táscairí (i) so-intomhaiste nó so-inchainníochtúil, (ii) iontaofa, (iii) bailí agus (iv) ábhartha do spriocanna eagraíochtúla um ghníomhú ar son na haeráide (Park and Krause, 2021) chun éifeachtacht a chinntiú. Is pointe tábhachtach é seo. Tá sé ar chumas gach ceann de na 121 PTFanna a sainaithníodh na critéir seo a chomhlíonadh agus tá siad ábhartha d'earnáil an rialtais áitiúil. Is é is dóichí, áfach, go mbeidh cuid acu níos éifeachtaí ná a chéile. Ar an ábhar sin, seachas a bheith saintreorach cuireann na PTFanna a chuirtear i láthair anseo bonn daingean faoina thuilleadh plé earnála a dhéanamh maidir leis na táscairí sin a bhfuil

an seans is mó acu a bheith éifeachtach don earnáil ó thaobh gníomhaíochtaí aeráide a chur i bhfeidhm, monatóireacht a dhéanamh orthu agus iad a thuairisciú.

Ar leibhéal straitéiseach, ba cheart go mbeadh baint ag páirtithe leasmhara le sraith de tháscairí a shainnithint agus le teacht ar chomhaontú fúthu ar bhealach a thacaíonn lena gealltanais gníomhaithe ar son na haeráide a chomhlíonadh mar a leagtar amach iad sa Chairt um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide 2030 a Chur i gCrích 2030. Tugann an taighde seo bonnlíne don phróiseas seo. B'fhéidir go bhfóndadh sé don earnáil anois limistéir fheidhme údaráis áitiúil a shainnithint nár aithníodh aon PTF dóibh sa taighde seo le fáil amach an bhfuil PTFanna riachtanach do na limistéir fheidhme sin nó nach bhfuil agus arbh fhéidir iad a chur leis na cinn a sainaithníodh sa tuarascáil go dtí seo.

Ó tharla beartais agus reachtaíocht um ghníomhú ar son na haeráide a bheith ag athrú go tapa, beidh gá le hathbheithniú leanúnach a dhéanamh ar gach táscaire earnála comhaontaithe lena chinntiú go bhfanann siad ábhartha don straitéis earnála agus náisiúnta um ghníomhú ar son na haeráide. É sin ráite, ní ceart go gcuirfeadh sé seo moill ar PTFanna um ghníomhú ar son na haeráide a shainnithint nó a chur i bhfeidhm ar bhonn earnála nó údaráis áitiúil ar leith. Tá sé ríthábhacht go ndéanfaidh na húdaráis áitiúla gníomhaíochtaí aeráide a chur i bhfeidhm agus a thuairisciú gan mhoill i bhfianaise a phráinní is atá sé dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide agus an gá atá le deashampla a thabhairt ar bhonn náisiúnta.

5.2 Srianta

Cé go raibh sé mar aidhm ag an staidéar sin PTFanna um ghníomhú ar son na haeráide a bhaineann le gealltanais gníomhaithe ar son na haeráide de chuid earnáil rialtas áitiúil na hÉireann a aithint, i bhfianaise cé chomh athraitheach is atá gealltanais athraithe aeráide go hidirnáisiúnta, ní fhéadfaidh sé ionadaíocht iomlán a dhéanamh ar gach PTF ábhartha d'earnáil rialtas áitiúil na hÉireann. In ainneoin sin, cuireann sé ar chumas earnáil an rialtais áitiúil PTFanna atá ábhartha go hearnálach agus go háitiúil a aithint agus é ag tosú monatóireacht a dhéanamh ar a fheidhmíocht maidir le gníomhú ar son na haeráide. Tá sé riachtanach athbhreithnithe tréimhsiúil a dhéanamh ar tháscairí lena chinntiú go bhfanann siad ábhartha, go bhfuil siad ailínithe le dea-chleachtas idirnáisiúnta, agus go mbaineann siad le cé chomh athraitheach is atá an beartas aeráide ag leibhéal an AE agus náisiúnta I ndeireadh na dála, áfach, tá sé ríthábhachtach chomh maith a bheith chomh uailmhianach céanna maidir le méadrachtaí a roghnú, agus maidir le feidhmíocht gníomhaithe ar son na haeráide a ghabháil agus a fheabhsú lena chinntiú go gcomhlíontar gealltanais agus spriocanna atá mionsonraithe i mbeartas agus reachtaíocht náisiúnta agus áitiúil ó thaobh na haeráide de.

5.3 Focal Scoir

Is féidir le córais bhainistíochta feidhmíochta agus táscairí feidhmíochta feidhmiú mar mhodh éifeachtach chun dea-chleachtais a ghabháil, agus chun réimsí féideartha feabhsaithe a shainathint d'eagraíochtaí. Mar sin féin, agus an t-athrú aeráide i mbéal an phobail níos mó ná riamh le blianta beaga anuas, ag am céanna tá eagraíochtaí ag iarraidh méadrachtaí a bhaineann go sonrach le feidhmíocht um ghníomhú ar son na haeráide a iniúchadh, a fhorbairt agus a ghlacadh chucu féin chun a dtiomantais agus a ndul chun cinn sa réimse seo a léiriú.

Tá an earnáil rialtais áitiúil in Éirinn tar éis ról feabhsaithe a ghlacadh chucu féin maidir le gealltanais um ghníomhú ar son na haeráide le blianta beaga anuas, gealltanais a eascraíonn as athruithe beartais agus reachtaíochta éagsúla. D'fhéadfadh na PTFanna a sainathníodh sa staidéar seo cabhrú leis an earnáil rialtais áitiúil in Éirinn agus iarracht éigin d'inaistritheacht nó d'inoiriúnaitheacht iontu d'údarais áitiúla i mbun a dtiomantais athraithe aeráide a thomhas. Tá sé ríthábhacht go mbeadh na méadrachtaí seo so-intomhaiste, iontaofa, bailí agus ábhartha do spriocanna eagraíochtúla um ghníomhú ar son na aeráide. De réir mar a dhéantar dul chun cinn i dtaobh gealltanais earnála um ghníomhú ar son na haeráide, seans go mbeidh níos mó sonraí ar fáil lena bhféadfaí feidhmíocht a thomhas ina gcoinne. Seans go réiteoidh an cur chuige struchtúrtha seo an bealach do PTFanna fiúntacha a chur i bhfeidhm go daingean ar shlí atá bunaithe ar ghealltanais earnála, beartais, an méid a foghlaimíodh agus dea-chleachtais. Tá sé ríthábhacht PTFanna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chomh luath agus is féidir má tá an earnáil rialtais áitiúil chun a hoibleagáidí a chomhlíonadh maidir le bheith ina n-eiseamláirí i dtaobh gníomhaithe ar son na haeráide de.

6 Tagairtí

Ajuntament de Barcelona (2020) Monitoring the measures for taking on the climate emergency: Barcelona for Climate. Ar fáil ag: <https://www.barcelona.cat/barcelona-pel-clima/en/barcelona-responds/monitoring-measures-taking-climate-emergency> (Accessed: 8 March 2021).

Al Dakheel, J. et al. (2020) 'Smart buildings features and key performance indicators: A review', *Sustainable Cities and Society*, 61, p. 102328. Ar fáil ag: <https://doi.org/10.1016/j.scs.2020.102328>.

Alrashed, S. (2020) 'Key performance indicators for Smart Campus and Microgrid', *Sustainable Cities and Society*, 60, p. 102264. Ar fáil ag: <https://doi.org/10.1016/j.scs.2020.102264>.

Ammons, D.N. and Roenigk, D. J. (2015) 'Performance Management in Local Government: Is Practice Influenced by Doctrine?', *Public Performance & Management Review*, 38(3), pp. 514–541. Ar fáil ag: <https://doi.org/10.1080/15309576.2015.1006461>.

Azizrahman, H. and Hasyimi, V. (2018) 'Towards a generic multi-criteria evaluation model for low carbon cities', *Sustainable Cities and Society*, 39, pp. 275–282. Ar fáil ag: <https://doi.org/10.1016/j.scs.2018.02.026>. Balaras, C. A. et al. (2020) 'A transnational multicriteria assessment method and tool for sustainability rating of the built environment', in. *IOP Conference Series: Earth and Environmental Science*. Ar fáil ag: <https://doi.org/10.1088/1755-1315/410/1/012068>.

Boehnke, R.F. et al. (2019) 'Good practices in local climate mitigation action by small and medium-sized cities; exploring meaning, implementation and linkage to actual lowering of carbon emissions in thirteen municipalities in The Netherlands', *Journal of Cleaner Production*, 207, pp. 630–644. Ar fáil ag: <https://doi.org/10.1016/j.jclepro.2018.09.264>.

Bouckaert, G. and Halligan, J. (2007) *Managing Performance: International Comparisons*. Abingdon: Routledge. Boyle, M. et al. (2019) *Towards a Green Future for Liverpool City Region*. Liverpool: Heseltine Institute for Public Policy, Practice and Place.

Bulkeley, H. and Kern, K. (2006) 'Local Government and the Governing of Climate Change in Germany and the UK', *Urban Studies*, 43(12), pp. 2237–2259. Ar fáil ag: <https://doi.org/10.1080/00420980600936491>.

C40 Cities (2015) *The Benefits of Benchmarking Building Performance*. Ar fáil ag: https://www.c40knowledgehub.org/s/article/The-Benefits-of-Benchmarking-Building-Performance?language=en_US (Accessed: 20 March 2021).

C40 Cities (2019) *Measuring Progress in Urban Climate Adaptation: Monitoring - Evaluating - Reporting Framework*. Danmhairg: Ramboll Fonden. Ar fáil ag: https://c40-production-images.s3.amazonaws.com/other_uploads/images/2154_20190228_MER_Framework_Final.original.pdf?1553033351 (Roctain déanta: 3 Meitheamh 2021).

C40 Cities (2021) C40. Ar fáil ag: <https://www.c40.org/cities> (Roctain déanta: 1 Márta 2021).

Callanan, M. agus Tatham, M. (2014) 'Ionadaíocht leasa chríochach san Aontas Eorpach: gníomhaithe, cuspóirí agus straitéisí', *Journal of European Public Policy*, 21(2), lgh. 188–210. Ar fáil ag: <https://doi.org/10.1080/13501763.2013.829579>.

Castán Broto, V. and Bulkeley, H. (2013) 'A survey of urban climate change experiments in 100 cities', *Global Environmental Change*, 23(1), lgh. 92–102. Ar fáil ag: <https://doi.org/10.1016/j.gloenvcha.2012.07.005>.

Chao, A. L. et al. (2020) Indicators Framework for Sustainable Urban Design, Atmosphere. MDPI AG. Ar fáil ag: <https://doi.org/10.3390/atmos1111143>.

Cathair Amsterdam (2020) Roadmap: Amsterdam Climate Neutral 2050. webpagina. Amsterdam: City of Amsterdam. Ar fáil ag: <https://www.amsterdam.nl/en/policy/sustainability/policy-climate-neutrality/> (Rochtain déanta: 8 March 2021).

Cathair Chóbanhávan (2012) CPH 2020 Climate Plan: A Green, Smart and Carbon Neutral City. Copenhagen: City of Copenhagen. Ar fáil ag: https://kk.sites.itera.dk/apps/kk_pub2/index.asp?mode=detalje&id=983 (Rochtain déanta: 8 Márta 2021).

Cathair Stócólm (2014) City of Stockholm Annual Report. Stockholm: City of Stockholm. Ar fáil ag: <https://international.stockholm.se/globalassets/rappporter/annual-report-2014.pdf> (Rochtain déanta: 3 Meitheamh 2021).

Cathair Stócólm (2016) The Stockholm Environment Programme 2016-2019. Stockholm: Executive Office. Ar fáil ag: <https://international.stockholm.se/globalassets/rappporter/the-stockholm-environment-programme-2016-2019.pdf> (Rochtain déanta: 20 Márta 2021).

Cathair Sidney (2021) Green Environmental Sustainability Progress Report. Sydney: City of Sydney. Ar fáil ag: <https://www.cityofsydney.nsw.gov.au/surveys-case-studies-reports/green-reports> (Rochtain déanta: 3 Lúnasa 2021).

Cathair Vancouver (2020) Climate Emergency Action Plan. Vancouver: City of Vancouver. Ar fáil ag: <https://council.vancouver.ca/20201103/documents/pl.pdf> (Rochtain déanta: 3 Bealtaine 2021).

Clarke, D. (2021) Local Government Climate Action Key Performance Indicators Literature Review. Baile Átha Cliath: An Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil. Ar fáil ag: <https://www.lgma.ie/en/publications/local-authority-sector-reports/local-government-climate-action-key-performance-indicators-literature-review.pdf>.

Clarke, D. and O'Donoghue-Hynes, B. (2020) A Profile of Local Government Climate Actions in Ireland. Dublin: Local Government Management Agency. Ar fáil ag: <https://www.lgma.ie/en/publications/local-authority-sector-reports/a-profile-of-local-government-climate-actions-in-ireland.pdf>.

Climate Action Regional Offices (2022) Local Authority Climate Action Plan Draft Guidelines. Oifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Corfee-Morlot, J. et al. (2009) Cities, Climate Change and Multilevel Governance. OECD. Ar fáil ag: <https://www.oecd-ilibrary.org/content/paper/220062444715> (Rochtain déanta: 6 Márta 2021).

County and City Management Association (2021) Delivering Effective Climate Action 2030: Local authority sector strategy for delivering on the Climate Action Charter and Climate Action Plan. Dublin: Local Government Management Agency. Ar fáil ag: <https://www.lgma.ie/en/publications/local-authority-sector-reports/delivering-effective-climate-action-2030.pdf> (Rochtain déanta: 27 February 2021).

Csete, M. and Buzasi, A. (2016) 'Climate-Oriented Assessment of Main Street Design and Development in Budapest', Journal of Environmental Engineering and Landscape Management, 24(4), pp. 258–268. Ar fáil ag: <https://doi.org/10.3846/16486897.2016.1185431>.

Damsø, T., Kjær, T. and Christensen, T.B. (2017) 'Implementation of local climate action plans: Copenhagen – Towards a carbon-neutral capital', Journal of Cleaner Production, 167, lgh. 406–415. Ar fáil ag: <https://doi.org/10.1016/j.jclepro.2017.08.156>.

An Roinn Pobal agus Rialtais Áitiúil (2008) National indicators for local authorities and local authority partnerships: Handbook of definitions. London: DCLG.

An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (2019) Cairt Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide. Ar fáil ag: <https://www.gov.ie/en/publication/d914a-local-authority-climate-action-charter/> (Rochtain déanta: 27 Feabhra 2021).

Dilworth, R. et al. (2011) 'The Place of Planning in Sustainability Metrics for Public Works: Lessons From the Philadelphia Region', *Public Works Management & Policy*, 16(1), pp. 20–39. Ar fáil ag: <https://doi.org/10.1177/1087724X10383891>.

Dorset Council (2020) Dorset Council Climate Action Plan. Dorset, UK: Dorset Council. Ar fáil ag: <https://news.dorsetcouncil.gov.uk/2020/09/28/dorset-council-publishes-climate-and-ecological-emergency-action-plan-ahead-of-cabinet-meeting/#:~:text=Dorset%20Council%20publishes%20Climate%20and%20Ecological%20Emergency%20Action%20Plan%20ahead%20of%20Cabinet%20meeting,-September%2028%2C%202020&text=This%20presented%20eight%20key%20areas,Dorset%20Council%20area%20by%202050>. (Rochtain déanta: 20 Márta 2021).

Dupuis, J. and Biesbroek, R. (2013) 'Comparing apples and oranges: The dependent variable problem in comparing and evaluating climate change adaptation policies', *Global Environmental Change*, 23(6), lgh. 1476–1487. Ar fáil ag: <https://doi.org/10.1016/j.gloenvcha.2013.07.022>.

European Commission (2019) A European Green Deal: Striving to be the First Climate-Neutral Continent, European Commission. Brussels: European Commission. Ar fáil ag: https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/european-green-deal_en.

European Commission (2020) REGULATION OF THE EUROPEAN PARLIAMENT AND OF THE COUNCIL establishing the framework for achieving climate neutrality and amending Regulation (EU) 2018/1999 (European Climate Law). Ar fáil ag: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52020PC0080&from=EN> (Rochtain déanta: 27 Feabhra 2021).

European Commission (2021) Forging a climate-resilient Europe - the new EU Strategy on Adaptation to Climate Change. Brussels: European Commission. Ar fáil ag: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/HTML/?uri=CELEX:52021DC0082&from=EN>.

Evans, L. (2020) Local Authorities and the Sixth Carbon Budget. UK: Climate Change Committee. Ar fáil ag: <https://www.theccc.org.uk/publication/local-authorities-and-the-sixth-carbon-budget/> (Rochtain déanta: 20 Márta 2021).

Den Exter, R., Lenhart, J. and Kern, K. (2015) 'Governing climate change in Dutch cities: anchoring local climate strategies in organisation, policy and practical implementation', *Local Environment*, 20(9), lgh. 1062–1080. Ar fáil ag: <https://doi.org/10.1080/13549839.2014.892919>.

Flood, S., Dwyer, N. and Gault, J. (2021) Policy Coherence in Adaptation Studies: Selecting and Using Indicators of Climate Resilience. 379. Wexford: Environmental Protection Agency. Ar fáil ag: chrome-extension://efaidnbmninnibpcajpcglclefindmkaj/viewer.html?pdfurl=https%3A%2F%2Fwww.epa.ie%2Fpublications%2Fresearch%2Fclimate-change%2FResearch_Report_379.pdf&clen=5014177&chunk=true (Rochtain déanta: 16 Márta 2021).

Friends of the Earth (2021) 33 actions local authorities can take on climate change | Policy and insight. Ar fáil ag: <https://policy.friendsoftheearth.uk/insight/33-actions-local-authorities-can-take-climate-change> (Rochtain déanta: 20 Márta 2021).

Gordon, B.L. et al. (2018) 'A case-study based framework for assessing the multi-sector performance of green infrastructure', *Journal of environmental management*, 223, lgh. 371–384.

Rialtais na hÉireann (2018) National Adaptation Framework. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann. Ar fáil ag: <https://www.gov.ie/en/publication/fbe331-national-adaptation-framework/>.

Rialtas na hÉireann (2019) Plean Gníomhaithe ar Son na hAeráide (2019) Chun Dul i nGleic le Cliseadh Aeráide. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann. Ar fáil ag: <https://assets.gov.ie/25419/c97cdecddf8c49ab976e773d4e11e515.pdf>.

Rialtas na hÉireann (2021a) Acht um Ghníomhú ar Son na hAeráide agus um Charbón Íseal a Fhorbairt (Leasú) 2021. Ar fáil ag: <https://www.gov.ie/en/publication/984d2-climate-action-and-low-carbon-development-amendment-bill-2020/> (Rochtain déanta: 27 Febrúar 2021).

Rialtas na hÉireann (2021b) Plean Gníomhaithe ar Son na hAeráide 2021: Ár dToghcháil a Dhaingniú. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann. Ar fáil ag: <https://www.gov.ie/en/publication/6223e-climate-action-plan-2021/> (Rochtain déanta: 19 Márta 2022).

